Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14479/22**

**COH 106**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tionchair fhadtéarmacha an bheartais comhtháthaithe ar réigiúin an Aontais<br>= Malartú tuairimí |

Ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 22 Samhain seo chugainn a bheidh dírithe ar bheartas comhtháthaithe, ar bhonn an pháipéir ón Uachtaránacht a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, iarrtar ar na hairí atá i gceannas ar an mbeartas comhtháthaithe na nithe seo a leanas a phlé: na príomhspriocanna agus na príomhphrionsabail le haghaidh an Bheartais Comhtháthaithe don todhchaí; na dúshláin a bheidh roimh an mbeartas amach anseo agus an bealach is fearr chun aghaidh a thabhairt orthu; chomh maith le breisluach an Bheartais Comhtháthaithe i gcomparáid le beartais agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, agus creataí náisiúnta freisin, d’fhonn go bhféadfaí é a chur in oiriúint dóibh sin.

**Páipéar cúlra**

**don Chomhairle Gnóthaí Ginearálta atá tiomanta don bheartas comhtháthaithe**

Is uirlis lárnach é an beartas comhtháthaithe chun cóineasú fadtéarmach a chur chun cinn laistigh den Aontas Eorpach. Mar a léiríodh san 8ú Tuarascáil maidir leis an gComhtháthú, rannchuidigh an beartas comhtháthaithe go héifeachtach leis an mbearna eacnamaíoch idir réigiúin agus Ballstáit bheagfhorbartha agus níos forbartha a dhúnadh, rud atá i gcomhréir le sainordú an Aontais agus a chumhdaítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chun éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú.

**Tréimhse chlársceidealaithe 2007–2013**[1][2][3][4]

Sa tréimhse chlársceidealaithe 2007–2013, infheistíodh EUR 346.5 billiún le rannchuidiú chun éagothromaíochtaí idir réigiúin a laghdú, chun forbairt chothrom inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a mhéadú. Rinne na hinfheistíochtaí sin fíordhifríocht le linn na géarchéime airgeadais agus eacnamaíche, tráth a raibh an maoiniú poiblí teoranta, lena n-áirítear d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus nuair a bhí sé deacair maoiniú príobháideach a aimsiú agus poist a chruthú. Thug siad aghaidh ar éagothromaíochtaí réigiúnacha agus mhéadaigh siad an olltáirgeacht intíre (OTI).

---

1 Cur i láthair – Beartas comhtháthaithe a théann chun tairbhe do shaoránaigh – Príomhthorthaí 2007-2013 (21/12/2016); An Coimisiún Eorpach (Ard Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh).

2 9 mbealach a oibríonn an Beartas Comhtháthaithe don Eoraip – na príomhthorthaí 2007-2013 (7/10/2016); An Coimisiún Eorpach (DG Regio).

3 WP1:Tuarascáil sintéise, Meastóireacht *ex post* ar chláir an Bheartais Comhtháthaithe 2007-2013, ina ndírítear ar Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus ar an gCiste Comhtháthaithe (CC); An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, Stiúrthóireacht B – Beartas, Aonad B.2 Meastóireacht agus an Seimeastar Eorpach; 2016.

4 Cá bhfuil tionchar ag beartas comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh?Ionsamhlúcháin a bhfuil samhail cothromaíochta ghinearálta dhinimiciúil réigiúnach acu; Philippe Monfort, Simone Salotti; Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh den Choimisiún Eorpach. Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh; WP 2/2021.

Baineadh na torthaí amach i ngach Ballstát agus i ngach réigiún. Táthar ag súil go nginfidh EUR 1 d’infheistíocht an bheartais chomhtháthaithe in 2007–2013 2.74 OTI breise faoi 2023. Is ionann an toradh measta ar infheistíocht an leithdháilte iomláin in 2007-2013 agus EUR 1 trilliún in OTI breise faoi 2023, agus san fhadtéarma, ginfidh sé toradh dearfach, a mheastar a bheith thart ar 4 % in aghaidh na bliana don Aontas ina iomláine. Cruthaíodh aon mhilliún post, arb ionann é agus 1/3 den ghlanchruthú post le linn na tréimhse sin. Bhí infheistíochtaí an bheartais comhtháthaithe in 2007-2013 ina bhfoinse ríthábhachtach airgeadais phoiblí do roinnt mhaith Ballstát, arb ionann iad agus suas le 57 % d’infheistíocht chaipitil rialtais i roinnt Ballstát. Go háirithe, a bhuí leis an mbeartas comhtháthaithe, d’fhéadfaí leanúnachas na hinfheistíochta poiblí a choinneáil, go háirithe le linn bhlianta na géarchéime eacnamaíche, agus béim á leagan ar an éifeacht chobhsaíochta fhadtéarmach atá ag an gclársceidealú ilbhliantúil faoin mbeartas comhtháthaithe ar infheistíocht.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, d’eisigh an Coimisiún Eorpach páipéar oibre, inar scrúdaíodh éifeachtaí maicreacnamaíocha cláir bheartas comhtháthaithe 2007–2013. Tá tionchar an bheartais comhtháthaithe níos mó sna príomh-Bhallstáit is tairbhithe; san fhadtéarma, áfach, tá tionchar dearfach freisin sna Ballstáit agus sna réigiúin atá níos forbartha in ainneoin gur glan-ranníocóirí iad leis an mbeartas. Ar deireadh thiar thall, tagann thart ar 15 % den tionchar ar OTI an Aontais ó iarmhairtí idirnáisiúnta, rud a thugann le tuiscint go mbailítear éifeachtaí dearfacha leis an mbeartas comhtháthaithe agus go ngineann sé naisc dhearfacha idir geilleagair na mBallstát. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na hiarmhairtí do na príomh-ranníocóirí leis an mbeartas comhtháthaithe agus is sciar suntasach iad de thionchar iomlán an bheartais.

San fhadtéarma, tagann níos mó ná 45 % den tionchar dearfach ar thíortha nach bhfuil incháilithe don chiste comhtháthaithe ó infheistíochtaí arna ndéanamh sna Ballstáit is tairbhithe den chiste. I gcás roinnt Ballstát, is iad iarmhairtí príomhfhoinse na sochar ón mbeartas comhtháthaithe. Tá fianaise láidir sna torthaí sin go bhfuil sochair á gcur ar fáil ar fud an Aontais leis an mbeartas comhtháthaithe i gcomhréir le cuspóirí a Chonartha.

Is iad seo a leanas príomhthorthaí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Chiste Comhtháthaithe[5][6]:

---

5 Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin:Meastóireacht *ex post* ar CFRE agus ar an gCiste Comhtháthaithe 2007-13; An Bhruiséil, 19.9.2016 SWD(2016) 318 final.

6 Measúnú tionchair RHOMOLO ar bheartas comhtháthaithe 2014-2020 i réigiúin an Aontais; Francesca Crucitti, Nicholas-Joseph Lazarou, Philippe Monfort, Simone Salotti; Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh den Choimisiún Eorpach. Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh; WP 4/2022, 1ú eagrán.

- thart ar 940 000 post cruthaithe go díreach, 41 600 díobh sin i dtaighde agus forbairt;
- tacaíocht dhíreach tugtha do 400 000 FBM agus 322 000 post cruthaithe in FBManna;
- méadú ar an gcumas fuinneamh in-athnuaite de 3 900 meigeavata a ghiniúint;
- an comhshaol: 5.9 milliún duine eile nasctha le soláthar uisce óil glan agus 6.9 milliún duine eile nasctha le saoráidí cóireála fuíolluisce nua nó uasghrádaithe;
- bonneagar (km de bhóithre/iarnróid nuathógtha nó nuachóirithe, nascacht idirlín, *etc.*):
    - 8 400 000 duine breise clúdaithe ag naisc leathanbhanda;
    - 4 900 km de bhóithre breise tógtha (mótarbhealaí den chuid is mó), beagnach leath ar líonra TEN-T ar fud na hEorpa;
    - uasghrádú de bheagnach 28 600 km de bhóithre, a bhfuil dhá thrian díobh i mBallstáit AE12
    - uasghrádú 3 900 km d'iarnród, a bhfuil beagnach 1 600 km de i mBallstáit AE12.

Príomhéachtaí cainníochtúla Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE)[7]:

- 98.7 milliún rannpháirtí in oiliúint arna maoiniú ag CSE agus oibríochtaí eile a fhaigheann tacaíocht, scaipthe go cothrom idir daoine neamhghníomhacha (36 %), daoine fostaithe (33 %) agus daoine dífhostaithe (30 %);
- Breis agus 30 milliún tionchar fabhrach, ag cabhrú le daoine athrú dearfach a dhéanamh:
    - fuair 9.4 milliún rannpháirtí fostaíocht, ar a laghad 300 000 díobh siúd atá féinfhostaithe;
    - bhain 8.7 milliún duine cáilíocht/teastas amach;
    - Chuir 13.7 milliún eile feabhas ar scileanna, inniúlachtaí, bhí deiseanna méadaithe acu sa mhargadh saothair, san oideachas leanúnach, *etc.*

[7] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Meastóireacht *Ex-post* ar Chláir CSE 2007-2013; An Bhruiséil, 12.12.2016 SWD(2016) 452 final; leathanach 4.

**Tréimhse chlársceidealaithe 2014–2020**[8]

B'ionann na hacmhainní a leithdháileadh le haghaidh an bheartais comhtháthaithe idir 2014–2020 agus thart ar EUR 355 billiún, rud a thugann le tuiscint go raibh instealladh acmhainní de thart ar 0.3 % de OTI an Aontais ann. I mí Iúil 2022, d'eisigh an Coimisiún páipéar oibre, inar rinneadh measúnú ar thionchar maicreacnamaíoch cláir bheartas comhtháthaithe 2014–2020. Tugadh le fios san ionsamhlúchán bunaithe ar shamhail RHOMOLO go raibh tionchar dearfach foriomlán ag idirghabhálacha bheartas comhtháthaithe 2014-2020 ar gheilleagar an Aontais, rud a mhéadaigh le himeacht ama le linn na tréimhse mhaoiniúcháin; bhain sé buaicphointe amach in 2021 nuair a bhí OTI an Aontais beagnach 0.4 % níos airde ná mar a bhí in éagmais an bheartais.

Ar an leibhéal réigiúnach, tá an tionchar is mó ar na príomh-Bhallstáit is tairbhithe. I mBallstáit agus réigiúin níos forbartha, tá tionchar níos lú ag an mbeartas sa ghearrthéarma. Go deimhin, i gcás go leor de na réigiúin sin, tá an tacaíocht bheartais íseal i gcomparáid le méid a ngeilleagar. San fhadtéarma, áfach, tagann méadú ar thionchar an bheartais, mar a luaithe a bheidh deireadh leis na cláir, ní ghineann siad costais a thuilleadh ach baineann sochair shuntasacha leo fós. I ndeireadh na dála, éiríonn tionchar OTI dearfach i ngach réigiún. Tarlaíonn sé go mbaineann réigiúin uile an Aontais tairbhe as an mbeartas, faoi dheireadh, go páirteach mar gheall ar na hiarmhairtí spásúla láidre a ghineann sé, trína dtéann na cláir arna gcur chun feidhme i réigiún ar leith chun tairbhe réigiúin eile freisin, go háirithe na réigiúin sin a bhfuil naisc láidre trádála acu leis na príomhthairbhithe.

Léirítear san anailís gur rannchuidigh an beartas go mór leis an méadú ar éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú nó a theorannú, ar leibhéal an Aontais agus laistigh de na Ballstáit araon.

8 Measúnú tionchair RHOMOLO ar bheartas comhtháthaithe 2014-2020 i réigiúin an Aontais; Francesca Crucitti, Nicholas-Joseph Lazarou, Philippe Monfort, Simone Salotti; Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh den Choimisiún Eorpach. Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh; WP 4/2022, 1ú eagrán.

Tá tionchar dearfach ar an ngeilleagar ina iomláine ag samhaltú maicreacnamaíoch an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (Múnla RHOMOLO) ar CSE, sa bhreis ar na torthaí díreacha do rannpháirtithe in oibríochtaí CSE[9]. Dá ndéanfaí infheistíocht san fhostaíocht agus sa tsoghluaisteacht suas go dtí 2018, chruthófaí 47 000 post san fhadtéarma agus thiocfadh méadú 0.06 % ar OTI i gcomparáid leis an mbonnlíne (2014). Bheadh sé sin mar thoradh ar thionchair mhaicreacnamaíocha deiridh arna nginiúint le hinfheistíochtaí i gcaipiteal daonna agus leis an bhfeabhas ar tháirgiúlacht saothair, chomh maith leis na hathruithe struchtúracha atá i gceist. Meastar go méadóidh tacaíocht CSE don chuimsiú sóisialta OTI an Aontais le 0.037 % (arb ionann é agus EUR 4 bhilliún) faoi 2023 agus go gcruthóidh sí 127 000 post breise, agus meastar go gcuirfidh oibríochtaí oideachais agus oiliúna 0.16 % le OTI (EUR 18 mbilliún) faoi 2023 i gcomparáid leis an mbonnlíne agus go gcruthófar thart ar 170 000 post breise leo. Meastar go mbeidh gach méadú fadtéarmach (go dtí 2033), ós rud é go meastar go mbeidh OTI agus fostaíocht níos airde i gcónaí i gcomparáid leis an mbonnlíne.

San fhadtéarma, táirgeann na hinfheistíochtaí beartais torthaí dearfacha suntasacha, agus an t-iolraitheoir OTI 25 bliana ag 2.7 nó cothrom le ráta toraidh bliantúil de thart ar 4 %.

Na príomhthorthaí ar an mbeartas comhtháthaithe:

- fuair 5.4 milliún duine post a bhuí le tacaíocht ó CSE agus ón Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO);
- cruthaíodh 236 500 post nua le tacaíocht CFRE;
- bainfidh 3.6 milliún fiontar tairbhe as tionscadail a roghnófar le haghaidh tacaíocht ó Chistí SIE, agus tugadh tacaíocht do 3 mhilliún díobh cheana féin;
- feabhsaíodh éifeachtúlacht fuinnimh níos mó ná 359 000 teaghlach;
- thairbhigh 45.5 milliún rannpháirtí de thionscadail a fhaigheann tacaíocht ó CSE agus TFAO;
- leagadh nó uasghrádaíodh 1 544 ciliméadar d'iarnróid idir 2014 agus deireadh 2020;

Dearbhaíonn sé sin go ndéanann an beartas comhtháthaithe beart ar an talamh.

---

[9] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin:Meastóireacht ar thacaíocht CSE 2014-2018 don fhostaíocht agus do shoghluaisteacht an lucht saothair, don chuimsiú sóisialta agus don oideachas agus don oiliúint; lch. 35, {SWD(2021) 11 final} Meastóireacht ar thacaíocht CSE don chuimsiú sóisialta. Tabhair ar aird go bhfuil na sonraí bunaithe ar shonraí 2014-2018 agus, dá bhrí sin, soláthróidh an mheastóireacht *ex post* ar CSE 2014-2020 sonraí níos cothroime le dáta nuair a bheidh sí tugtha chun críche. NB: rinneadh na ríomhanna sin in 2019, mar sin roimh na géarchéimeanna reatha).

Ní hamháin gur rannchuidigh an beartas le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn san Aontas ach léirigh sé freisin a inoiriúnaitheacht, go háirithe trí EUR 23 bhilliún a atreorú laistigh de na cláir atá ann cheana chun gníomhú in aghaidh na ndúshlán a bhaineann leis an bpaindéim, agus chuir sé EUR 50 billiún d'airgead úr le REACT-EU chun cabhrú le próiseas téarnaimh réigiúin an Aontais a chuireann lena n-athléimneacht mhéadaithe.

Le blianta beaga anuas, d'fhorbair an beartas comhtháthaithe freisin ó thaobh socruithe rialachais a mhúnlú do chláir: leis an gclársceidealú ilbhliantúil, na cleachtaí meastóireachta rialta, an loighic idirghabhála neartaithe mar aon le feabhsuithe atá dírithe ar thorthaí, mar aon le *modus operandi* níos fearr le haghaidh comhpháirtíochta agus rialachais il-leibhéil, tugadh faoi éifeachtacht i gcur chun feidhme na gclár agus na dtionscadal. Ar an gcaoi chéanna, cuireadh leis an gcreat don bheartas comhtháthaithe le ceanglais chun bonn straitéiseach iomchuí agus creatchoinníollacha a chruthú le haghaidh na n-idirghabhálacha mar aon le naisc fheabhsaithe idir an beartas comhtháthaithe agus creat an tSeimeastair Eorpaigh.

**Léargas féideartha**

Maidir le treochtaí amach anseo, is léir go bhfuil roinnt dúshlán roimh an Aontas a eascraíonn as athruithe déimeagrafacha agus teicneolaíocha agus as an aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a thiocfaidh chun cinn. Is dócha go n-eascróidh éagothromaíochtaí nua astu sin, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'inbhuanaitheacht agus stóinseacht shamhail forbartha an Aontais. Ní féidir leis an mbeartas amháin a áirithiú nach bhfágfar aon chríoch ná aon duine ar lár, ach is cinnte gur féidir leis cur go mór le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach lena n-áirítear trí bhreithnithe spásúla agus críochacha a áirithiú do bheartais náisiúnta agus earnálacha. Ba cheart go mbeadh dearadh agus cur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe in ann a bheith bunaithe ar mheascán beartais láidir éifeachtach de bheartais agus ionstraimí náisiúnta agus den Aontas.

Ceisteanna do phlé na n-airí:

1. **Cad iad príomhchuspóirí agus príomhphrionsabail an bheartais, nár cheart aon chomhréiteach a dhéanamh ina leith don todhchaí?**

2. **Cad é breisluach an bheartais comhtháthaithe i gcomparáid le beartais agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, agus creataí náisiúnta? Ar cheart an beartas a choigeartú i bhfianaise beartas agus ionstraimí eile chun cur i gcrích a phríomhchuspóirí a neartú a thuilleadh?**

3. **Cad iad na dúshláin a bhfuiltear ag súil le bheith roimh an mbeartas comhtháthaithe amach anseo, agus conas is féidir é a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt orthu?**